



STAIR AN AONTAIS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA

Is ann don Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) mar thoradh ar chomhtháthú dearfach eacnamaíoch san Aontas Eorpach (AE). Méadú ar mhargadh AE atá ann, lena mbaineann comhrialacháin maidir le táirgí agus saorghluaiseacht earraí, caipitil, saothair agus seirbhísí. Tá airgeadra coiteann, an euro, tugtha isteach i limistéar an euro, limistéar ina bhfuil 19 mBallstát AE faoi láthair. Ní mór do gach ceann de na 28 mBallstát AE — seachas an Ríocht Aontaithe agus an Danmhairg — an euro a ghlacadh tar éis dóibh a bheith páirteach in MRM II ar feadh dhá bhliain agus tar éis dóibh na critéir um chóineasú a chomhlíonadh. Déanann an Banc Ceannais Eorpach (BCE) beartais airgeadaíochta aonair a shocrú agus tá an beartas sin á chomhlánú le beartais chomhchuibhithe fhioscacha agus le beartais eacnamaíocha comhordaithe. Laistigh de AEA níl aon institiúid aonair atá freagrach as beartas eacnamaíoch. Ina ionad sin, tá an fhreagracht roinnte idir na Ballstáit agus institiúidí éagsúla AE.

AN BUNÚS DLÍ

- Cinntí ó Chruinnithe Mullaigh Eorpacha sa Háig (1969), i bPáras (1972), sa Bhruiséil (1978), in Hanover (1988), i Maidrid agus in Strasbourg (an dá cheann in 1989), agus in Maastricht (1991-1992);
- Airteagail 119-144, 219 agus 282-284 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);
- Na prótacail atá i gceangal le CFAE maidir leis na nithe seo a leanas: an t-aistriú go dtí an tríú céim den aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta; líon iomarcach na nósanna imeachta maidir le heasnaimh agus míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha; na critéir um chóineasú; clásail rogha an diúltaithe don Ríocht Aontaithe agus don Danmhairg; agus an Córas Eorpach Banc Ceannais agus an Banc Ceannais Eorpach, mar aon leis an nGrúpa Euro

CUSPÓIRÍ

Is ann do AEA mar thoradh ar chomhtháthú dearfach eacnamaíoch agus, dá bhrí sin, ní críoch ann féin é. Tá bainistíocht AEA deartha chun tacú le fás inbhuanaithe eacnamaíoch agus ardleibhéil fostaíochta trí bheartais iomchuí eacnamaíocha agus airgeadaíochta a dhéanamh. Baineann trí phríomhghníomhaíocht leis an méid sin: (i) beartais airgeadaíochta a chur chun feidhme agus é mar chuspóir aige cobhsaíocht



praghsanna a bhaint amach; (ii) beartais eacnamaíocha sna Ballstáit a chomhordú; (iii) oibriú rianúil an mhargaidh aonair a áirithiú.

A BHFUIL BAINTE AMACH

Faoi láthair, tá an euro ina chuid den saol laethúil i 19 mBallstát de chuid an Aontais Eorpaigh. Déanfaidh Ballstáit eile é a ghlacadh i ndeireadh na dála. Tá buntáistí doshéanta ag baint leis an airgeadra aonair: laghdaíonn sé costais idirbheart airgeadais, déanann sé taisteal níos fusa, neartaíonn sé ról na hEorpa ar an leibhéal idirnáisiúnta, etc.

STAIR AEA

Ag an gcruinniú mullaigh sa Háig in 1969, rinne na Cinn Stáit nó Rialtais cuspóir nua a shainmhíniú, is é sin lánpháirtiú na hEorpa: aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta (AEA). Rinne grúpa a raibh Pierre Werner, Príomh-Aire Lucsamburg, ina cheannaire air, tuarascáil a dhréachtú ina raibh cur síos ar fhís maidir le haontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta a bhaint amach laistigh de 10 mbliana de réir plan i roinnt céimeanna. Ba é an cuspóir deiridh ná na rudaí seo a leanas a bhaint amach: léirscaoileadh iomlán ar ghluaiseachtaí caipitil, inmhalartacht iomlán airgeadraí na mBallstát agus socrú neamh-inchúlghairthe rátaí malairte. Mar thoradh ar chliseadh chóras Bretton Woods agus ar an gcinneadh ó Rialtas SAM an dollar a chur ar ráta comhlúthach i lár 1971, b'ann do bhabhta éagobhsaíochta i dtaca le malairt eachtrach agus, dá bhrí sin, bhí amhras tromchúiseach ann maidir leis na paiseachtaí idir na hairgeadraí Eorpacha. Tugadh tionscadal AEA chun stad thobainn.

In 1972 (ag cruinniú mullaigh Pháras) rinne AE iarracht fuinneamh nua a tabhairt don lánpháirtiú airgeadaíochta tríd an 'nathair sa tollán' a chruthú: sásra le haghaidh airgeadraí a chur ar ráta comhlúthach (an 'nathair') ar bhealach bainistithe laistigh de chaolchorraigh luaineachta in aghaidh an dollair (an 'tollán'). Agus é curtha dá threoir ag an ngéarchéim olla, ag laige an dollair agus ag difríochtaí sa bheartas eacnamaíoch, chaill an 'nathair' an chuid is mó dá bhaill laistigh de níos lú ná dhá bhliain agus, sa deireadh, ní raibh fágtha ann ach 'limistéar mairc', chomhdhéanta den Ghearmáin, na tíortha Benelux agus an Danmhairg.

An Córas Eorpach Airgeadaíochta (EMS) a chruthú. Sa bhliain 1978, (ag cruinniú mullaigh na Buiséile) rinneadh iarrachtaí in athuir chun limistéar cobhsaíochta airgeadais a bhunú tríd an gCóras Eorpach Airgeadaíochta (EMS) a chruthú, bunaithe ar choincheap rátaí malairte socraithe ach inchoigeartaithe. Bhí lucht airgeadraí na mBallstát uile, ach amháin an Ríocht Aontaithe, rannpháirteach i sásra an ráta malairte, MRM I. Bhí rátaí malairte bunaithe ar rátaí lárnacha i aghaidh an ECU ('an tAonad Airgeadra Eorpach'), an t-aonad cuntais Eorpach, arbh é a bhí ann ná meán ualaithe na n-airgeadraí rannpháirteacha. Rinneadh greille rátaí déthaobhacha a ríomh ar bhonn na rátaí lárnacha agus léiríodh na rátaí in ECU, agus níor mhór iad a choinneáil laistigh de chorrach de 2.25 % ar gach taobh de na rátaí déthaobhacha (seachas lira na hIodáile, ar ceadaíodh corrlach de 6 % ina leith). Thar thréimhse 10 mbliana, rinne MRM roinnt mhaith beart chun athraitheacht i ráta malairte a laghdú: trí bhíthin sholúbthacht



an chórais, mar aon leis an rún polaitiúil chun cóineasú eacnamaíoch a chur ar bun, rinneadh cobhsaíocht inbhuanaithe airgeadra a bhaint amach.

Le glacadh chlár an [Mhargaidh Aonair](#) in 1985, d'éirigh sé níos soiléire fós nárbh fhéidir leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh aonair fad arbh ann do chostais idirbhirt measartha ard maidir le comhshó airgeadra agus fad arbh ann d'éiginnteacht maidir le luaineachtaí ar an ráta malartaithe, dá laghad iad. Thairis sin, cháin roinnt mhaith eacnamaithe an rud ar a dtugadh siad an 'triantán doscaoilte': ní raibh saorghluaiseacht chaipitil, cobhsaíocht i rátaí malairte agus beartais neamhspleácha airgeadaíochta ag luí lena chéile san fhadtéarma.

Sa bhliain 1988, chuir an Chomhairle Eorpach in Hanover coiste ar bun chun staidéar a dhéanamh ar AEA faoi chathaoirleacht Jacques Delors, a bhí ina Uachtarán ar an gCoimisiún ag an am sin. Sa tuarascáil ón gcoiste (tuarascáil Delors), a tíolacadh in 1989, moladh go ndéanfaí tabhairt isteach trí chéim AEA a neartú. Go háirithe, leagadh béim ann ar an ngá le comhordú níos fearr ar bheartais eacnamaíocha, rialacha a chlúdódh easnaimh i buiséid náisiúnta, agus institiúid nua lán-neamhspleách a bheadh freagrach as beartas airgeadaíochta an Aontais: An [Banc Ceannais Eorpach](#) (BCE). Ar bhonn thuarascáil Delors, chinn an Chomhairle Eorpach i Maidrid i 1989 an chéad chéim de AEA a sheoladh: léirscaoileadh iomlán ar [ghluaiseachtaí caipitil](#) faoi 1 Iúil 1990.

I mí na Nollaig 1989, d'iarr an Chomhairle Eorpach in Strasbourg go reáchtálfaí comhdháil idir-rialtasach a shainaithneodh cé hiad na leasuithe ar ghá a dhéanamh ar an gConradh chun AEA a bhaint amach. Is as obair na comhdhála idir-rialtasaí sin a d'eascair an [Conradh ar an Aontas Eorpach](#), a ghlac na Cinn Stáit nó Rialtais ag an gComhairle Eorpach in Maastricht i mí na Nollag 1991 agus ar shínigh siad é an 7 Feabhra 1992.

Foráiltear sa Chonradh go ndéanfaí AEA a thabhairt isteach i dtrí chéim.

- Céim 1 (ón 1 Iúil 1990 go dtí an 31 Nollaig 1993): saorghluaiseacht chaipitil idir na Ballstáit;
- Céim 2 (ón 1 Eanáir 1994 go dtí an 31 Nollaig 1998): beartais eacnamaíocha na mBallstát a chóineasú agus comhar idir bainc cheannais náisiúnta na mBallstát a neartú. Rinneadh comhordú na mbeartas airgeadaíochta a institiúidiú tríd an Institiúid Eorpach Airgeadaíochta (IEA) a bhunú. Ba é an cúram a bhí air ná comhar idir na bainc cheannais náisiúnta a neartú agus na hullmhúcháin a dhéanamh a raibh gá leo chun an t-airgeadra aonair a thabhairt isteach. Bhain na bainc cheannais náisiúnta neamhspleáchas amach le linn na céime sin;
- Céim 3 (ar siúl ón 1 Iúil 1999): an euro a thabhairt isteach de réir a chéile mar airgeadra aonair na mBallstát agus comhbheartas airgeadaíochta a chur chun feidhme faoi choimirce BCE. Bhí an t-aistriú go dtí an tríú céim faoi choinníoll go ndéanfaí ardleibhéal cóineasaithe mharthanaigh a bhaint amach arna dtomhas de réir roinnt [critéar](#) a leagtar síos sna Conarthaí. Rinneadh rialacha ceangailteacha de na [rialacha buiséadacha](#) agus aon Bhallstát nach raibh siad á gcomhlíonadh aige, [ba dhócha](#) go [ngearrfaí pionóis](#) air. Rinneadh beartas airgeadaíochta aonair a thabhairt isteach agus a chur faoi chúram an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC), atá comhdhéanta de na bainc cheannais náisiúnta agus BCE.



Tá an chéad dá chéim de AEA curtha i gcrích. Tá an [tríú](#) céim fós ar siúl. I bprionsabal, ní mór do gach Ballstát AE teacht isteach sa chéim dheiridh sin agus an euro a ghlacadh dá réir sin (Airteagal 119 CFAE). Tá roinnt Ballstát ann, áfach, nach bhfuil na critéir um chóineasú comhlíonta acu go fóill. Mar thoradh air sin, baineann na Ballstáit sin leas as maolú sealadach go dtí go mbeidh siad in ann dul isteach sa tríú céim de AEA. Thairis sin, thug an Ríocht Aontaithe agus an Danmhairg fógra go bhfuil sé ar intinn acu gan dul isteach sa tríú céim de AEA agus, dá bhrí sin, gan an euro a ghlacadh. Dá bhrí sin, tá díolúine ag an dá Bhallstát sin i ndáil lena rannpháirteacht in AEA. Tá na socrúithe díolúine léirithe sna prótacail a bhaineann leis an dá thír sin agus tá na prótacail ag gabháil le Conarthaí Bunaithe AE. Tá an rogha á choinneáil ag an Ríochta Aontaithe agus an Danmhairg, áfach, deireadh a chur lena ndíolúine agus iarratais ar dhul isteach sa tríú céim de AEA a chur isteach. De réir mar atá cúrsaí faoi láthair, tá 19 de na 28 mBallstát sa tríú céim de AEA agus sa chaoi sin tá an euro mar airgeadra aonair acu.

I bhfianaise ghéarchéim fiachais cheannasaigh na hEorpa, tá gealltanais tugtha ag ceannairí AE chun AEA a neartú, trí bhearta lena n-áirítear feabhas a chur ar a gcreat rialachais. In 2015, agus iad ag cur le tionscnaimh den chineál céanna ó 2012, d'fhoilsigh Uachtarán an Choimisiún Eorpaigh, Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Ghrúpa Euro, Uachtarán BCE agus Uachtarán Pharlaimint na hEorpa tuarascáil ar Chomhlánú an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta ('Tuarascáil an Chúigear Uachtarán'). Léiríodh inti plan athchóirithe arbh é ab aidhm dó fíor-Aontas eacnamaíoch, airgeadais, fioscach agus polaitiúil a bhaint amach i dtí trí chéim (faoi 2025 ar a dhéanaí).

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Ón uair a tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, tá páirt á glacadh ag Parlaimint na hEorpa mar chomhrechtóir ar bhonn comhionann sa ghnáthnós imeachta reachtach i gcomhair rialacha mionsonraithe maidir le faireachas iltaobhach a bhunú (Airteagal 121(6) CFAE). Áirítear leis an méid sin, *inter alia*, an chuid choiscitheach den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, mar aon le faireachas maicreacnamaíoch níos dícheallaí chun aon mhíchothromaíochtaí díobhálacha a chosc tar éis na géarchéime airgeadais. Leis an 'sé-phaca' neartaíodh ról na Parlaiminte i rialachas eacnamaíoch AE, go háirithe tríd an 'Seimeastar Eorpach' a thabhairt isteach agus trí 'Idirphlé Eacnamaíoch' a chur ar bun. Sa bhreis air sin, téitear i gcomhairle leis an bParlaimint maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:

- Comhaontuithe maidir le rátaí malairte idir an euro agus airgeadraí neamh-AE;
- Rogha na dtíortha atá incháilithe dul isteach san airgeadra aonair in 1999 agus ina dhiaidh sin;
- An tUachtarán, an Leasuachtarán agus chomhaltaí eile Bhord Feidhmiúcháin BCE a cheapadh;
- Reachtaíocht lena ndéantar an nós imeachta um easnamh iomarcach dá bhforáiltear sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a chur chun feidhme.

[Dirk Verbeken / Dražen Rakić](#)



